Aonad 1

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Achoimre ar Chánacha


## Bileog Oibre le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí

## 2 Freagraí




An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta


**1.** Déan roinnt taighde ar líne chun a fháil amach cén bhliain ar tugadh isteach na cánacha seo thíos in Éirinn.



**Cáin Brící**
**1784**



**Cáin Teallaigh**
**1663**



**Cáin Fuinneoige**
**1799**

**2.** Ag baint úsáid as an idirlíon, aithin an bhliain ar tugadh isteach gach cáin in Éirinn. Scríobh míniú gairid ar gach cáin.

| Ainm na cánach | An bhliain ar tugadh isteach í | Míniú |
|---|---|---|
| Cáin Ioncaim | 1853 | Cáin ar ioncam fostaí. Is iad 20% agus 40% na rátaí reatha. |
| Cáin Chorparáide | 1976 | Cáin ar bhrabúis na cuideachta. Is é 12.5% an ráta a ghearrtar ar an gcuid is mó de chuideachtaí. |
| Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF) | 1993 | Cáin a íoctar nuair a dhéantar clárú ar fheithicil nua agus ar fheithiclí a iompórtáiltear go hÉirinn. |
| Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC) | 1975 | Cáin a íoctar ar an mbrabús a dhéantar ar shócmhainn a dhíol. |
| Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT) | 1986 | Cáin a íoctar ar an ús a tuilleadh ar choigiltis. |
| Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) | 2013 | Cáin fhéinmheasúnaithe is ea í seo atá bunaithe ar luach margaidh tithe cónaithe in Éirinn. |
| Cáin ar Dheochanna Siúcra-Mhilsithe (CDSM) | 2018 | Baineann an cháin seo le deochanna uisce-bhunaithe agus deochanna sú-bhunaithe a bhfuil siúcra breise iontu agus cion iomlán siúcra de chúig ghram nó níos mó in aghaidh an 100 millilítear.<br>Baineann sí freisin le deochanna áirithe próitéiní plandúla agus deochanna a bhfuil saillte bainne iontu. Tá an CDSM i bhfeidhm ar na deochanna seo freisin mura bhfuil leibhéal cailciam 119 milleagram ar a laghad in aghaidh an 100 millilítear iontu. |

**3.** Déan fiosrú ar rátaí reatha na gcánacha seo thíos in Éirinn agus aithin cé a íocann gach cáin.

| Ainm na cánach | Ráta | Cé a íocann an cháin? |
|---|---|---|
| Cáin Ioncaim | 20% agus 40% | Fostaithe |
| Cáin Choinneála ar Ús Taisce (CCÚT) | 33% | Daoine a bhfuil ús tuillte acu ar a gcoigiltis in institiúidí airgeadais. |
| Cáin Bhreisluacha (CBL) [ráta caighdeánach] | 23% | Aon duine a íocann le haghaidh earraí agus seirbhísí. |
| Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC) | 33% | Duine a dhíolann sócmhainne. |
| Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC) | 33% | Daoine a fhaigheann bronntanas nó oidhreacht suas go dtí luach socraithe. |

**4.** Tá sé de dhualgas ar gach úinéir tí in Éirinn muirear bliantúil a íoc don Cháin Mhaoine Áitiúil. Toisc gur cháin féinmheasúnaithe í seo, baineann úinéirí maoine úsáid as an Treoir Luachála don Cháin Mhaoine Áitiúil chun an ráta ar chóir dóibh a íoc a aithint.

Beidh ort cuardach a dhéanamh le haghaidh **3 theach** timpeall na tíre ag baint úsáid as suíomhanna idirlín amhail **www.daft.ie**, **www.myhome.ie** nó gníomhairí eastáit áitiúla. D'fhéadfá meascán d'áiteanna uirbeacha agus tuaithe a roghnú. Tar éis duit na tithe seo a aimsiú, téigh chuig an Treoir Luachála don Cháin Maoine Áitiúil **https://lpt.revenue.ie/lpt-web/valuation-guide/index.htm** chun an muirear atá dlite agus le híoc ag an úinéir tí a fháil amach. Déan taifead ar an bhfaisnéis a aimsíonn tú sa tábla seo thíos.

- Baileoidh scoláirí a bhfreagraí féin don cheist seo.

**5.** Déan taighde ar 3 cháin neamhghnácha ar fud an domhain agus líon amach an tábla seo thíos.

Féadann scoláirí taighde a dhéanamh ar chánacha neamhghnácha ar fud na cruinne. I measc na suíomhanna idirlín úsáideacha tá:

**11 Weirdest Taxes Other Countries Have to Pay**
https://finance.yahoo.com/news/11-weirdest-taxes-other-countries-100000068.html

**Top 12 Weirdest Tax Rules Around the World**
https://www.cnbc.com/2014/02/14/top-12-weirdest-tax-rules-around-the-world.html

**9 Strangest Taxes in History**
https://kaplan.co.uk/insights/article-detail/insights/2021/04/15/9-strangest-taxes-in-history